Denis Naughton TD,

An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil,

29 – 31 Bóthar Adelaide,

Baile Átha Cliath,

D02 X285.

Denis.Naughton@oireachtas.ie

02/08/2018

A Aire, a chara,

Le fógra dúnadh na hoifigí poist tá baol ann do sheirbhís thábhachtach Gaeltachta sa phróiseas iomarcaíochta fógartha ag An Post a d'fheadfadh a bheith mar thoradh air go ndúnfaí go leor oifig poist sa Ghaeltacht.

Táimid ag éileamh ort a Aire a chinntiú go solathrófar seirbhís sásúil post trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Tá seo thar a bheith tábhachtach agus an próiséas pleanála teanga sa Ghaeltacht i mbun go cinnteofar go bhfuil ar a laghad an méid céanna seirbhísí ar fáil as Gaeilge is atá ann faoi láthair.

Ba mhaith linn a fháil amach mar sin an raibh na seirbhísí Gaeilge do phobal na Gaeltachta tógtha san áireamh leis an cinneadh seo agus cén plean atá agaibh le cinntiú nach mbeidh titim ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta le dúnadh na hoifigí seo.

Ba mhaith linn bualadh leat chun é seo a phlé chomh luath is gur féidir.

Julian de Spáinn
Ard-Rúnaí - Conradh na Gaeilge

+353 (0)86 8142757 | +353 (0)1 4757401
| julian@cnag.ie